EPIC The Irish Emigration Museum

Tráth na gceist!
Puzail!
Cluichí!
Agus níos mó

Pacáiste seomra ranga

# Éireannaigh san Eolaíocht




Foghlaim faoin réaltfhisiceoir Jocelyn Bell Burnell

Bí i do eolaí a bhfuil duaiseanna Nobel bainte amach agat!

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# STAIR... NA HÉIREANNAIGH SAN EOLAÍOCHT

Tá go leor curtha ag Éireannaigh le taighde eolaíochta agus le fionnachtana ar fud an domhain. In EPIC Músaem Imirce na hÉireann, tá dánlann iomlán againn do ghaiscí eolaithe Éireannacha. Anois tá sé in am duitse a bheith ar dhuine acu – tabhair leat do chuid spéaclaí cosanta, do chóta saotharlainne agus leabhar nótaí, tá sé in am tosú ag déanamh turgnamh!






## EOLAÍOCHT LUATH-ÉIREANNACH

An bhfuil a fhios agat go bhfuil eolaíocht in úsáid in Éirinn ón gClochaois? D'úsáid luath-lonnaitheoirí in Éirinn réalteolaíocht chun cuidiú leo ina saol, chun am agus na séasúir a rianú trí fhéachaint ar ghluaiseacht na bpláinéid agus na réaltaí. Tá sé seo ar eolas againn mar tá greanta cloiche agus leachtanna in Éirinn, Brú na Bóinne mar shampla. Is tuama pasáiste é Brú na Bóinne, atá níos sine ná Pirimidí Móra Giza, agus tógadh é thart ar 3300 RCh. Thóg feirmeoirí é, ar bhealach go mbuaileann solas na gréine lár an tseomra maidin ghrianstad an gheimhridh, rud a chiallaíonn go n-oibríonn sé mar a bheadh féilire ollmhór ann!

# STAIR... NA HÉIREANNAIGH SAN EOLAÍOCHT




## EOLAITHE CRÍOSTAÍ

Ba é Augustine Hibernicus an chéad eolaí aitheanta, agus Críostaí, a ainmníodh as an bhfealsúnaí Augstine Hippo. Scríobh sé leabhar dár teideal 'Ar na rudaí míorúilteacha sa Scríbhinn Dhiaga' thart ar 655 AD. Sa leabhar, rinneadh cur síos ar na rudaí nádúrtha in Éirinn, plandaí agus ainmhithe san áireamh, agus rinneadh iarracht ann míniú eolaíoch a thabhairt ar imeachtaí sa Bhíobla. Luaitear ann fosta go mb'fhéidir gur gearradh Éire amach ó mhór-roinn na hEorpa de bharr creimeadh farraige (uisce) – rud nár glacadh leis go forleathan go dtí na céadta bliain ina dhiaidh sin!







## AN ATHBHEOCHAN

Tá an chuid is mó den iniúchadh eolaíoch a rinneadh in Éirinn déanta ó bhí an Athbheochan ann.
Ba thréimhse é sin idir an 14ú-16ú haois inar cuireadh an-suim i réimsí eolais leithéidí matamaitic, eolaíocht, ealaíon agus intleacht; tugadh tacaíocht do na smaointe nua a bhí ann ag an am freisin.
Ón 17ú haois i leith, tá eolaithe Éireannacha chun tosaigh i bhfionnachtana eolaíocha ar fud an domhain. Go minic, áfach, bhí ar Éireannaigh an bád bán a thógáil chun gairm bheatha san eolaíocht a leanúint. B'fhéidir go raibh leithcheal rompu nó creideamh reiligiúnach dúshlánach mar gheall ar na hacmhainní srianta in Éirinn. Cé nach féidir linn gach rud a bhain siad amach a lua anseo, is féidir linn tuairisc ghairid a thabhairt ar roinnt acu anseo anois.





## 17Ú HAOIS


Rinne 'Athair na Ceimice' Robert Boyle, ó Lios Mór, Co Phort Láirge agus a lonnaigh i Londain, turgnaimh cheannródaíocha, mar shampla léirigh sé conas a iompraíonn aer fuaim, agus an nasc atá idir toirt agus brú gáis. Cuirtear i gcomparáid le Da Vinci é go minic, agus chum sé liosta ina raibh 24 fionnachtain, a raibh súil aige a fheiceáil déanta ina shaol, daoine ag eitilt, teicneolaíocht bheacht stiúrtha, agus réamhtheachtaí leictreachas!





## 18Ú HAOIS

Chum Francis Beaufort oifigeach leis an gCabhlach Ríoga as Co. na Mí, scála iomlán nua chun fórsa na gaoithe ar farraige a thomhas. Tugtar scála Beaufort air. Téann an scála ó 0-12 agus tá gnéithe le bheith ag faire amach dóibh, mar shampla 'Suaimhneach: farraige mar a bheadh scáthán ann'. Tá sé in úsáid go fóill sa lá atá inniu ann.






## 19Ú HAOIS

Bhí Robert Mallet ag iarraidh fáil amach cén fáth a lúb screamh an Domhain, agus in 1846, chuir sé páipéar taighde i láthair Acadaimh Ríoga na hÉireann. Glactar leis gur ceann de bhunchlocha sheismeolaíochta an lae inniu é an páipéar taighde – staidéar ar bholcáin. Úsáideadh go leor téarmaí atá in úsáid sa lá inniu go fóill, mar shampla 'eipealár' – an pointe ar dhromchla an domhain díreach os cionn bolcáin.

D'oibrigh sé i dteilgcheárta iarainn a theaghlaigh, agus thóg sé gach rud idir thithe solais agus ráillí sainiúla iarainn a théann timpeall Choláiste na Trionóide. Déan iarracht teacht ar ainm a theaghlaigh ag an mbun!

Ar smaoinigh tú riamh ar an gcúis a bhfuil an spéir gorm? D'fhoghlaim John Tyndall, fear as Ceatharlach agus ollamh ag an Institiúid Ríoga i Londain, go scaipeann aer níos mó solas gorm ná aon dath eile ón ngrian, agus go bpiocaimid é sin suas lenár súile. Ba dhuine de na daoine ba luaithe a rinne staidéar ar an iarmhairt ceaptha teasa é – an bealach a gcoinníonn an domhan teas. Fuair sé amach gurbh é gal uisce an t-ionsúire is mó teasa ón atmaisféar, glasáiltear isteach é.






Anuas air sin, dhear John Philip Holland an chéad fhomhuireán a raibh rath air. Rugadh i Lios Ceannúir, Co. an Chláir é in 1841. Tar éis dó dul ar imirce go SAM in 1873, bhí timpiste aige nuair a shleamhnaigh sé agus thit sé ar shráid reoite, agus bhris sé a chos. Agus é ag teacht chuige féin arís, thosaigh sé ar an bhfomhuireán a dhearadh. Dhíol sé le Cabhlach SAM é in 1897.

## 20Ú HAOIS


Bhí ról tábhachtach ag Éireannaigh i spriocanna na spáseolaíochta san 20ú haois. Ba é Neil Armstrong, spásaire NASA, an ceannasaí ar mhisean Apollo 11, agus an chéad fhear a shiúil ar an ngealach, agus is féidir a theaghlach a rianú siar go gadaithe eallaigh i gCo. Fhear Manach. Ba é an tOllamh Denis O'Sullivan duine de na chéad daoine a leag lámh ar charraig ghealaí. Ba as Baile Átha Cliath é, agus bhí staidéar á dhéanamh aige ar radaíocht an spáis in Ollscoil Chalifornia, Berkeley.





An tOllamh. Denis O'Sullivan, as Bhaile Átha Cliath



Ag an am céanna, tháinig forbairt ar an leigheas nua-aimseartha go tapa. Bhí James Francis Pantride as Co. an Dúin in Arm na Breataine i rith an Dara Cogadh Domhanda, agus cheap sé CPR (comhbhrú cliabhraigh) agus an chéad dhífhibrileoir iniompraithe (inneall turraing leictreach) – agus is é sin an bealach a gcuirimid cóir leighis ar dhaoine a nuair a bhuaileann taom croí iad sa lá atá inniu ann.



Is ionfhabhtú baictéarach é fiabhras tíofóideach, agus is féidir leis scaipeadh tríd an gcolainn.



D'fhorbair an Ridire Almroth Wright an chéad vaicsín i gcoinne tíofóidigh, rud a shábháil 100,000 beatha i rith an Chéad Chogadh Domhanda!



Tugadh tuilleadh deiseanna d'eolaithe baineanna sa 20ú haois fosta. Bhain Kathleen Lonsdale clú agus cáil amach mar dhuine den chéad bheirt bhan a toghadh in 1945 mar chomhaltaí sa Royal Society i Londain – cumann eolaíochta mór le rá. Ba chriostalagrafaí (duine a dhéanann staidéar ar chriostail) as Co. Chill Dara í.



Criostail

Rinne Cynthia Longfield (ar tugadh Madame Butterfly uirthi) as Corcaigh, staidéar ar fheithidí. Thaistil sí go mór ar fud na hEorpa, i Meiriceá Theas, san Aigéan Ciúin, san Afraic agus san Áis, ag bailiú samplaí. Bunaíodh bailiúcháin ag Músaem Stair an Dúlra i Londain de na samplaí a bhí bailithe aici. Ba í saineolaí cónaithe na snáthaidí móra í sa mhúsaem sin.


# Éireannaigh san Eolaíocht

## TRÁTH NA gCEIST ar FHÍRICÍ FÁNACHA



1. An leacht cuimhneacháin a thóg luath-réalteolaithe in Éirinn chun ceiliúradh a dhéanamh ar ghrianstad an gheimhridh.
2. An leabhar cáiliúil reiligiúnach, a rinne an fealsúnaí Éireannach, Augustine, iarracht a mhíniú go heolaíoch.
3. An tréimhse sa 14-16ú haois inar fhás suim na ndaoine i staidéar ar an eolaíocht.
4. An t-ainm a tugadh ar Robert Boyle: Athair __ ________.
5. Measann scála Beaufort fórsa na gaoithe ar ____________.
6. Ceann de na téarmaí a cheap Robert Mallet, 'Athair na seismeolaíochta'.
7. Ba é Neil Armstrong an chéad duine a shiúil ar an n_______.
8. Cheap James Francis Pantride ó Co. an Dúin an acrainm, ina bhfuil 3 litir, chun cóir leighis a chur ar thaom croí.
9. An leasainm a bhí ar Cynthia Longfield: Madame ______________________, mar gur tháinig sí ar na feithidí seo agus mar go ndearna sí staidéar orthu.
10. Staidéar ar áiteanna agus ar an gcaidreamh idir daoine agus a dtimpeallacht.

Freagraí: 1. Sí an Bhrú; 2. Bíobla; 3. Renaissance; 4. Ceimic; 5. Muir; 6. Epicentre; 7. Gealach; 8. CPR; 9. Féileacán; 10. Tíreolaíocht



# MIONSCRÚDÚ AR

# Jocelyn Bell Burnell

Is réaltfhisiceoir agus réalteolaí í Jocelyn Bell Burnell a dhéanann staidéar ar fheiniméin spáis.


**DÁTA BREITHE**
15ú Iúil 1943


**ÁIT BHREITHE**
An Lorgain, Tuaisceart Éireann

**SUÍOMH IN EPIC**
Gailearaí an Fhionnachtana agus Aireagán

## SAOL LUATH

Rugadh Jocelyn sa Lorgain i dTuaisceart Éireann, agus chuir sí suim sa spás i gcónaí. Ba ailtire é a hathair, a chuidigh le dearadh Phláinéadlann Ard Mhacha, agus chaith sí go leor ama ansin agus í ina páiste. Spreag an fhoireann ansin, agus a teaghlach, í le staidéar a dhéanamh ar réalteolaíocht, ach bhí dúshlán roimpi ar scoil mar nach raibh cead ag cailíní staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht ag an am. Spreagadh ar scoil í le staidéar a dhéanamh ar chócaireacht agus ar thrasghreim ina háit. Rinne a tuismitheoirí agus daoine eile gearán agus ghéill an scoil ar deireadh. Bhí sí ar fheabhas agus lean sí lena hoideachas agus staidéar á dhéanamh aici ar eolaíocht in Ollscoil Ghlaschú, agus bhain sí dochtúireacht sa réalteolaíocht amach ó Ollscoil Cambridge. D'oibrigh sí le daoine eile ansin le radaiteileascóp a dhéanamh!




## PULSÁIR RAIDIÓ

Agus í in Cambridge, rinne sí staidéar ar chuasáir, réalta ar thángthas air le déanaí sa spás, déanta de ghás agus dúphoill.  Ba eolaí cruthaitheach í agus sheol sí teileascóip ar bhalúin suas san aer mar iarracht teacht ar fhionnachtana nua. Oíche amháin, thug sí rud éigin aisteach faoi deara – comhartha a bhuail go rialta trasna na réaltaí, rud ar ar tugadh pulsáir raidió níos déanaí. Ar dtús, shíl sí gur cineál cumarsáide ó eachtráin a bhí ann, agus thug sí LGM air – Little Green Men! Ach tar éis tuilleadh iniúchta a dhéanamh air, fuair sí amach gur cineál speisialta réalta a bhí – neodrónréalta, réalta a chas. Tháinig soilse as gach bun den réalta seo, rud a dhealraigh go raibh sé ag spléachadh, agus chuir sé lucht leictreamaighnéadach amach, an rud a bhfaca sí.

# MIONSCRÚDÚ AR Jocelyn Bell Burnell




Tá cúig dhuais éagsúla sa Duais Nobel, a bhonntar, de réir uacht Alfred Nobel in 1895, 'orthu siúd, i rith na bliana roimhe, a bhronn an buntáiste is mó ar an gcine daonna.' Bronntar Duaiseanna Nobel i réimsí na Fisice, na Ceimice, na Fiseolaíochta nó an Leighis, na Litríochta agus na Síochána.

## AITHEANTAS

Bhí fionnachtain pulsáir raidió chomh tábhachtach sin gur bhuaigh sé Duais Nobel don Fhisic in 1974. Cé gurbh í Bell an chéad duine a chonaic na pulsáir, ní raibh sí i measc buaiteoirí na duaise, mar nach raibh inti ach mac léinn ag an am. Bhuaigh a stiúrthóirí an duais ina háit!

Níor chuir sé isteach uirthi áfach, shíl sí go raibh ciall leis! Ná bí buartha, ní gan aitheantas atá obair Jocelyn san eolaíocht. Tá sí ag obair go fóill sa lá atá inniu ann agus tá beagnach 20 onóir buaite aici dá cuid oibre. San áireamh, rinneadh Bantiarna sa Ríocht Aontaithe di, dá cuid oibre san eolaíocht.



**$3 milliún**

Duais Bunús na Fisice

In 2018, bhuaigh sí an Duais Speisialta Fionnachtain sa Bhunfhisic – duais ar fiú 3 mhilliún dollar é! Níos tábhachtaí ná sin, tá grá agus paisean aici dá cuid oibre. Ag an Euroscience Open Forum 2012, dúirt sí 'Murach na réaltaí ní bheimis anseo. Tá deannach réaltaí i do chuid féitheacha, agus is páistí na réaltaí muid, go liteartha.'




## TACÚ LE MNÁ

Mar gheall ar a heispéireas pearsanta, tá Jocelyn anois go mór ar son cheart na mban agus na mionlach chun staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht. Ba í an chéad uachtarán baineann ar an gCumann Ríoga i nDún Éideann in 2014 í, agus dheonaigh sí an t-airgead duaise ar fad ón Breakthrough Prize in Fundamental Physics chun cuidiú le bunú ciste do mhná, do mhionlaigh eitneacha agus do theifigh, atá ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar an bhfisic.



# Jocelyn Bell Burnell ...

## TRÁTH NA GCEIST

1. Cén áit ar rugadh Jocelyn Bell Burnell?

2. Is cineál músaem réaltaí é Pláinéadlann Ard Mhacha, a dhear athair Jocelyn. Ainmnigh trí chineál eile músaeim. Nod: Smaoinigh ar do chuid ábhar scoile, agus ar na cineálacha éagsúla eolaíochtaí.

3. Cén áit a ndearna Jocelyn a dochtúireacht (PhD) agus cén eolaíocht a ndearna sí speisialtóireacht ann?

4. Réitigh na litreach chun teacht ar an gcineál feiniméin ar tháinig Jocelyn air.
SLUPIRÁ OIRADI


5. D'úsáid Jocelyn bealaí cruthaitheacha chun staidéar a dhéanamh ar na réaltaí, teileascóip a sheoladh ceangailte le balúin, san áireamh. Lig ort gur tusa Jocelyn and déan iarracht teacht ar bhealach nuálaíoch chun staidéar a dhéanamh ar na réaltaí.



Freagraí: 1. Lurgan, Tuaisceart Éireann; 2. E.g. Zó-eolaíocht, Stair, Ealaín, Spórt; 3. Ollscoil Cambridge, réalteolaíocht; 4. Radio pulsars

# Gníomhaíocht...

## Bí i d'Eolaí a bhuann Duais Nobel




Thuill fionnachtain Jocelyn Duais Nobel in 1974, agus cé nach ise a bhfuair é, tá go leor eolaithe, a bhfuil nasc acu le hÉirinn, tar éis Duais Nobel a fháil dá bhfionnachtana fosta. Rugadh John O'Keefe i Nua Eabhrach in 1939, agus b'as Éirinn dá thuismitheoirí. Bhí sé i measc na ndaoine a bhuaigh Duais Nobel i réimse an leighis in 2014, as a chuid oibre i bhfionnachtain chóras suíomh inmheánach na hinchinne. Ghnóthaigh Ernest Walton ó Phort Láirge a Dhuais Nobel as an adamh a bhriseadh (an cáithnín is lú) agus luasaire cáithníní in úsáid, a thóg sé le cadhnraí cairr agus pumpaí peitril! Bí cosúil leis na heolaithe iontacha seo agus lean na treoracha thíos chun fionnachtain nua a dhéanamh i do bhaile féin.
Bíonn an cluiche seo níos fearr nuair a imríonn tú le daoine eile é, ach is féidir é a dhéanamh leat féin. Ná déan dearmad cabhair a lorg ó dhuine fásta! Déan Duais Nobel agus teastas chun bailchríoch a chur leis, agus déan ceiliúradh ar do chuid gaiscí, agus lig do gach duine é a fheiceáil!

### Rudaí a bheidh ag teastáil uait

- Roinnt páipéir agus pinn luaidhe (chun nótaí a bhreacadh agus chun tarraingt!)
- Ceamara (roghnach)
- Bileog chárta (roghnach – don teastas)
- Diosca cárta gearrtha i gcruth ciorcail (don duais Nobel)

### Treoracha

1. I dtosach, roghnaigh an réimse ina mbeidh tú san iomaíocht. Is féidir a bheith san iomaíocht i mBitheolaíocht, Réalteolaíocht, Ceimic nó Fisic, ag brath ar na hábhair atá ar fáil duit. Bí cinnte go n-iarrann tú cead ar dhuine fásta leanúint ar aghaidh.
2. Tá sé an-tábhachtach go mbeidh na hábhair chéanna ag gach iomaitheoir le hoibriú leo, mar sin, bailigh na hábhair ar fad agus leag amach iad.
3. Ansin, roghnaigh tréimhse ama don iomaíocht. B'fhéidir go mbeadh 15 nóiméad nó uair an chloig i gceist nó níos mó, ag brath ar na sonraí a bheidh sna turgnaimh, agus ag brath ar an méid ama atá agat.

**AG BRATH AR AN RÉIMSE A ROGHNAIGH TÚ, BEIDH NA NITHE SEO DE DHÍTH ORT:**

**BITHEOLAÍOCHT:**
Gairdín nó rochtain ar spás taobh amuigh

**RÉALTEOLAÍOCHT:**
Radharc ar an spéir (lá nó oíche!)

**FISIC:**
Lego nó marla

**CEIMIC:**
Ábhair srama (slime)
(nach bhfuil a fhios agat conas sram a dhéanamh? Féach ar an treoir chun sram a dhéanamh ag www.epicchq.com/makeslime)

# Gníomhaíocht. . . Bí i d'Eolaí a bhuann Duais Nobel


4

Anois, tá sé in am agat a bheith cruthaitheach. Agus na comhábhair thuasluaite in úsáid, mar aon le do shamhlaíocht, bain úsáid as prionsabail eolaíocha breathnóireachta (na céadfaí a úsáid) agus tástáil (rudaí nua a thriail) chun iarracht a dhéanamh teacht ar fhionnachtain 'nua'. Ná déan dearmad do dhul chun cinn a scríobh síos nó taifead a choinneáil air ar pháipéar nó le ceamara, mar is cuid thábhachtach den eolaíocht é a bheith ábalta tuairisc a thabhairt agus do dhul chun cinn a roinnt! Seo roinnt smaointe:



## BITHEOLAÍOCHT:

Pictiúr nó íomhá de speiceas planda nó ainmhí ar tháinig tú air, nó cur síos ar iompar feithide a thug tú faoi deara.



## FISIC:

Cineál foirgnimh nó déantúis a chruthaigh tú, nó feiniméan mar shampla luas gluaiseachta nó titim an rud a chruthaigh tú.



## RÉALTEOLAÍOCHT:

Néalchruthaíocht nó réaltbhuíon suimiúil.



## CEIMIC:

Cineál nua srama nó arracht srama a cheap tú.



5

Agus an t-am istigh, cuir do chuid torthaí i láthair an ranga. Ar dtús, roinn do chuid nótaí chun an próiseas a mhíniú (conas a tháinig tú ar an bhfionnachtain) agus ansin le pictiúir, íomhánna nó an rud féin, cuir na torthaí i láthair.

Fág am le haghaidh aiseolais ó dhaoine eile agus moltaí ina dhiaidh – is breá le heolaithe aiseolas agus tuairisc a thabhairt ar obair a chéile, mar gur minic a chuireann sé sin feabhas ar an obair.

Smaoinigh gur chóir a bheith dearfach, seachas diúltach, sna rudaí a deir tú, agus mol bealaí inar féidir leis an eolaí atá ag déanamh an chur i láthair leanúint leis an obair, mar shampla dearcadh úr a fhiosrú.

6

Anois tá sé in am do na duaiseanna. Beidh ar gach duine teastas agus bonn a chruthú do dhuine eile. Smaoinigh gur chóir na duaiseanna/daoine ar fad a eagrú, cé a dhéanann teastas do dhuine ar leith, ionas nach bhfágfar aon duine ar lár. Agus ár dteimpléad thíos in úsáid, gearr amach nó tarraing an teastas, agus cuir ainm an duine a roghnaigh tú air. Ansin, ag baint úsáid as ciorcal cárta, tarraing pictiúr den bhuaiteoir, sa stíl chéanna leis an mbonn Dhuais Nobel ar lch 10. Ar deireadh, glacaigí sealanna agus bronn ar a chéile iad, ag searmanas ceiliúrtha duaiseanna. Ná déanaigí dearmad gléasadh go deas agus óráid a thabhairt!

Iarr ar dhuine fásta, nó ar do mhúinteoir, bhur gcuid torthaí agus duaiseanna a roinnt ag #EPICMuseum ar na meáin shóisialta le bheith san iomaíocht ceardlann eolaíochta saor in aisce a bhuachan do do rang ar scoil.



EPIC The Irish Emigration Museum

AN DUAIS EOLAÍOCHT

# Deimhniú Críochnaithe

BRONNTA AR

*As a (h)éacht i réimse na/ an*

DÁTA ____________________

SÍNIÚ ____________________

EPIC

Músaem Imirce na hÉireann

# EOLAITHE NA hÉIREANN SA LÁ ATÁ INNIU ANN

Foghlaim faoi ghaiscí na gceannródaithe eolaíocha Éireannacha sa lá atá inniu ann, atá ag sárú teorainneacha na heolaíochta in Éirinn agus ar fud an domhain.



## Dr Niamh Shaw

Tá go leor gaiscí déanta ag Niamh Shaw: is cumarsáidí ETIM í, láithreoir, aisteoir, údar, eolaí, innealtóir agus ealaíontóir, is cosantóir fiosrachta agus taiscéalaíochta de gach cineál í, agus creideann sí gur féidir linn go leor tránna a fhreastal ag an am céanna.

Suíomh gréasáin: https://niamhshaw.ie/
Twitter: @dr_niamh_shaw https://twitter.com/Dr_Niamh_Shaw
Instagram: @dr_niamh_shaw https://www.instagram.com/dr_niamh_shaw/

## Karin Dubsky

Is éiceolaí Gearmánach-Éireannach í Karin atá ag obair i gColáiste na Trionóide, Baile Átha Cliath. Is gníomhaí timpeallachta í, comhordaitheoir agus comhbhunaitheoir Coastwatch Europe, eagraíocht neamhrialtasach timpeallachta agus ball de Bhiúrió Timpeallachta na hEorpa.

Suíomh gréasáin: http://coastwatch.org/europe/author/karin/
Twitter: @karindubsky https://twitter.com/karindubsky
Instagram: @karin_wexfordgreen

## Eamon N. Doyle

Is eolaí Éireannach, poiblitheoir eolaíochta agus ealaíontóir é Eamon N. Doyle. Lonnaithe i gCo. an Chláir, is é geolaí oifigiúil Bhoirne agus Aillte an Mhothair é, mar aon leis an ngeopháirc atá timpeall orthu. In 2017, ainmníodh speiceas nua crosóg bhriosc, Crepidosoma doyleii, ó 435 milliún bliain ó shin, ina onóir. D'aithin sé speiceas nua eile in 2019!

Twitter: https://twitter.com/visitBurren/status/1182240170671783936
LinkedIn: https://www.linkedin.com/in/eamon-doyle-22023113/

## Derek Briggs

Is pailé-ointeolaí Éireannach é Derek, lonnaithe in Ollscoil Yale, agus is é taighde ar lobhadh agus caomhnú iontaisí a speisialtóireacht. Is é an tOllamh Geolaíochta agus Geoifhisice G. Evelyn Hutchinson é in Ollscoil Yale, agus Comeádaí Pailé-ointeolaíocht Inveirteabrach i Músaem Peabody ar Stair Nádúrtha de chuid Yale.

Suíomh gréasáin: https://people.earth.yale.edu/profile/derek-briggs/about
Twitter : https://twitter.com/cambriannelids/status/1010188200676032512

## Peter Lynch

Is meitéareolaí, matamaiticeoir, blagálaí agus údar leabhar Éireannach é Peter Lynch. I measc na n-ábhar spéise atá aige tá tuar uimheartha aimsire, meitéareolaíocht dhinimiciúil, meicníochtaí Hamilton, stair na meitéareolaíochta, agus gluaiseacht chun suim an phobail sa mhata a spreagadh.

Suíomh gréasáin: https://www.mathsweek.ie/2019/tag/peter-lynch/
Twitter: @thatsmaths https://twitter.com/thatsmaths

## Geraldine Butler

Is géineolaí í Geraldine i gColáiste na Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá a gairm bheatha sa taighde dírithe den chuid is mó ar ghnéineolaíocht fungais, mar shampla, beacáin. In 2015, toghadh í ina ball d\Acadamh Ríoga na hÉireann.

Suíomh gréasáin: https://people.ucd.ie/gbutler/teaching

# ÁISEANNA

Tabharfaidh an liosta áiseanna thíos tuilleadh eolais duit ar staidéar na heolaíochta, agus cuideoidh siad leat agus tú ar do bhealach le bheith i d'eolaí fosta!



## EPIC Músaem Imirce na hÉireann

Is féidir leat cuairt a thabhairt orainn in EPIC Músaem Imirce na hÉireann, nó páirt a ghlacadh i gceann dár gceardlanna eolaíocht-bhunaithe, atá ar fáil ar líne nó i láthair. Tá go leor le foghlaim – idir na hÉireannaigh sa spás, eolaithe baineanna Éireannacha, sram agus eile. Téigh chuig www.epicchq.com chun tuilleadh a fhoghlaim. Agus ná déan dearmad bhur dtionscadail a roinnt linn ar ardáin shóisialta, ag baint úsáid as #EPICMuseum.

### An Duais Nobel

An bhfuil inspioráid faighte agat? Foghlaim níos mó faoi obair eolaithe a mbronntar duaiseanna orthu ar shuíomh gréasáin oifigiúil na Duaise Nobel. Tá pleananna ceachta, fíricí gasta, podchraoltaí, físeáin agus ailt, tá go leor le foghlaim ann!

https://www.nobelprize.org/

### Garraithe Náisiúnta na Lus

Téigh i ngleic leis an luibheolaíocht agus téigh ag taiscéalaíocht sa tearmann suaimhneach cathrach seo. Is príomhinstitiúid eolaíochta é seo, agus tá bailiúcháin thábhachtacha speiceas plandaí agus saothróg ó gach cearn den domhan le fáil sna gairdíní. Tá go leor cosán idirghníomhach do pháistí ann freisin, agus go leor le haimsiú ann.

### Zú Bhaile Átha Cliath agus Zú na Marbh (Músaem Stair an Dúlra)

Nach bhfuil grá ag gach duine d'ainmhithe? Bí i do bhitheolaí agus caith lá i Zú Bhaile Átha Cliath agus i Músaem Stair an Dúlra. Tóg do leabhar nótaí leat, breac síos créatúir atá sean, nua agus díothaithe anois. Agus ná déan dearmad do BHÚIREACH is fearr a chleachtadh!

https://www.museum.ie/Natural-History

### Tionscnaimh Iontacha

An dóigh leat go bhfuil mianach ionat a bheith i d'eolaí mór Éireannach amach anseo? Cuir isteach do chuid smaointe le haghaidh Tionscnaimh Iontacha (Coolest Projects) - comórtas bliantúil do nuálaithe óga 7+ bliain d'aois – a léiríonn cruthaitheacht, fiontraíocht agus scileanna teicneolaíochta.

https://online.coolestprojects.org/#

### SFI

Is é Science Foundation Ireland an t-údarás um theagasc ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic) in Éirinn. Tá liosta iontach áiseanna ann do theaghlaigh le hiniúchadh a dhéanamh orthu le chéile sa bhaile, físeáin agus turgnaimh san áireamh.

https://www.sfi.ie/

## Leabhair

### Ingenious Ireland

le Mary Mulvihill

An bhfuil a fhios agat go bhfuil fionnachtana sármhaithe, tionscadail stairiúla agus iontais nádúrtha in Éirinn? Faigh amach fúthu sin agus tuilleadh sa leabhar seo, a scríobh craoltóir agus údar ceannródaíoch eolaíochta. Tá go leor léaráidí deasa ann agus tugtar an léitheoir ar thuras, contae ar chontae, thart ar Éirinn, agus sonraí ar na nithe atá le feiceáil iontu agus áiteanna ar cheart cuairt a thabhairt orthu.

https://ingeniousireland.ie/

### Secret Science

le Dara O'Briain

Is é seo an dara leabhar greannmhar do pháistí fiosracha leis an bhfear grinn, Dara Ó Briain. Faigh amach conas atá an gnáthshaol ar maos le heolaíocht iontach, ón nóiméad a mhúsclaíonn tú go dtí an nóiméad a thiteann codladh ort (agus ina dhiaidh!).

### The great Irish science book

leis an Ollamh Luke O'Neill

Téigh i gcomhluadar an Ollaimh Luke O'Neill, ó Choláiste na Tríonóide, ar an turas is fearr ar fad. Ón rud is mó go dtí an rud is lú – ó réaltraí fairsinge go hadaimh bheaga bhídeacha – téigh ar aistear trí iontais na cruinne, mistéir na colainne daonna, agus domhan bídeach na móilíní. Faigh amach faoi na heolaithe Éireannacha a chabhraigh le múnlú ár ndomhain, agus faigh amach conas a bheith i d'eolaí tú féin!